

Foirm Éilimh le comhlánú ag éilitheoir neamhchónaitheach

Foirm Éilimh um Aisíocaíocht / Díolúine Chánach i leith

Pinsin / Blianachtaí

Foirm IC2 (Duine aonair) Pinsean / Blianacht



Seol an fhoirm seo ar ais chuig: An Fho-Rannóg Éileamh Idirnáisiúnta Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim Bóthar Chonnláin, An tAonach, Co. Thiobraid Árann, E45 T611, Éire		Sonraí an Éilitheora: (BLOCLITREACHA)	
Le haghaidh tuilleadh sonraí, déan téagmháil le: Fón: +353 1 738 3634 Ríomhphost: intclaims@revenue.ie		Ainm Iomlán:	
Is le haghaidh úsáid oifigiúil amháin atá an spás seo		Seoladh:	
Uimhir an Bharántais:		Uimhir Fóin:	
Suim: €		Ríomhphost:	
Seiceáilte ag:		Gníomhaire (i gcás fiosruithe le seoladh chuige nó chuici)	
Ceadaithe ag:		Ainm:	
		Seoladh:	
		Uimhir Fóin:	
		Ríomhphost:	

Cuir tic sa bhosca cuí:

Pinsean Fostaíochta

Blianacht Cheannaithe

CEIST		FREAGRA
1	Sonraigh do dháta breithe.	
2	Sonraigh an tír inar rugadh thú.	
3	Sonraigh do náisiúntacht.	
4	Luaigh do UPSP (Uimhir RSI a bhí air roimhe seo), más ann di.	
5a	Cén tír ina bhfuil tú i do chónaí?	
5b	Cén dáta a thosaigh ag cónaí ann?	
6	Tabhair ainm, uimhir an pholasaí, agus uimhir tagartha cánach an tsoláthraí íocaíochta pinsin / blianachta.	
7a	Sonraigh an dáta a thosaigh an pinsean.	
7b	Sonraigh an dáta a thosaigh an chéad íocaíocht.	

Dearbhaím go bhfuil/raibh (scrios de réir mar is cuí) mé cónaitheach in _____ (sonraigh an tír) chun críocha an Chomhaontaithe um Chánachas Dúbailte ag Éirinn leis an tír sin le linn na bliana/mblíanta cánach inar saothraíodh an t-ioncam. Dearbhaím chomh maith go bhfuil mé i dteideal go tairbheach an ioncaim atá mar ábhar don éileamh seo agus nach bhfuair mé aon chreidmheas i leith aon chánach Éireannaí a íocadh in _____ (sonraigh tír na Cónaitheachta).

Sínithe: _____

Dáta: ____ / ____ / ____

*Má tá tú ag éileamh díolúine ag an bhfoinse, cuir tic anseo

Féach na nótaí lastall

LE COMHLÁNÚ AG NA HÚDARÁIS CHÁNACH I DTÍR DO CHÓNAITHEACHTA

Dearbhaím go bhfuil / raibh an duine aonair thuasluaite cónaitheach in _____ don bhliain / do na blianta cánach (sonraigh an bhliain) _____ agus go bhfuil an t-ioncam lena mbaineann an t-éileamh faoi dhliteanas cánach faoin uimhir tagartha cánach _____

Sínithe: _____ Grád: _____ Dáta: ____ / ____ / ____

Stampa Oifigiúil

Nótaí le léamh in éineacht leis an bhFoirm éilimh um Aisíocaíocht/Díolúine Chánach le haghaidh Pinsin / Blianachtaí Foirm IC2 (Duine Aonair) Pinsean / Blianacht

Céard iad na doiciméid tacaíochta atá le seoladh isteach agam le m'éileamh?

Teastaíonn na doiciméid bhreise seo a leanas chomh maith, nuair is cuí, nuair atá cáin a íocadh á héileamh:

I gcás aisíocaíocht chánach a gearradh ar phinsean / blianacht fostaíochta:

- an Fhoirm P60 bunaidh, má bhaineann an t-éileamh ar aisíocaíocht cánach Éireannach le cáin a ghearradh i mblianta chánach roimh 2019, nó
- Achoimre Sonraí Fostaíochta má bhaineann an t-éileamh ar aisíocaíocht cánach Éireannach le cáin a ghearradh i mblianta chánach ó 2019 ar aghaidh.

I gcás cónaitheoirí SAM amháin:

Teastaíonn deimhniú cónaitheachta chun críocha cánach na Stát Aontaithe (Form 6166) i leith gach bliain a éilítear. Tá an fhoirm seo ar fáil ó **The Department of The Treasury, Internal Revenue Service**. Logáil isteach ar www.irs.gov chun cur isteach ar an Form 6166.

I gcás chónaitheoirí na Spáinne amháin:

I gcúinsí áirithe, féadfaidh sé nach dtoileoidh Údaráis Chánach na Spáinne an fhoirm IC2 a stampáil. Má tharlaíonn sé seo, teastaíonn an deimhniú Cónaitheachta (**Residencia Fiscal en España**). Tá an fhoirm seo ar fáil ó Údaráis Áitiúla Chánach na Spáinne.

Nótaí Breise:

Má asbhaineadh cáin sa bhliain reatha cánach i leith do phinsin/blianachta, aisíocfaidh do sholáthraí íocaíochta pinsin an cháin seo ar ais leat.

Tabhair do d'aire gurb in Éirinn amháin a fhéadtar cáin a ghearradh i gceart ar Phinsin Rialtais agus Údaráis Áitiúil.

Má tá tú ag fáil pinsin ón Roinn Coimirce Sóisialaí, déan teagmháil le Seirbhísí Náisiúnta Fóin ÍMAT ar: +353 1 738 3636 nó trí chlárú le Coimisinéirí Ioncaim na hÉireann ag baint úsáid as seirbhísí ar líne ag www.revenue.ie agus tabharfar tuilleadh cabhrach duit leis an ábhar seo.

Athnuachaintí Díolúine:

Tá an fhreagracht ar an éilitheoir iarraidh go leanfaí dá ndíolúine ó cháin Éireannach a íoc ar a bpinsean/blianacht, tar éis don díolúine dul in éag. Sa chás go dtagann tú ar ais chun cónaí in Éirinn le linn don díolúine a bheith i bhfeidhm, ba chóir duit an oifig seo a chur ar an eolas faoi ar d'fhilleadh duit.

Mura bhfuil uimhir tagartha cánach Éireannach agat (**UPSP**), déan teagmháil leo seo:

An tSeirbhís Aitheantais Cliant, an Roinn Coimirce Sóisialaí, ar na bealaí seo:

Ríomhphost: cis@welfare.ie nó

Uimhir Fóin: +353 1 704 3281

Teorainneacha Ama chun Éileamh a Dhéanamh:

Faoi Alt 17 den Acht Airgeadais, 2003, tugadh isteach teorainneacha nua ama chun éilimh aisíocaíochta a thíolacadh do Choimisinéirí Ioncaim na hÉireann, is é sin ní fhéadtar éilimh a dhéanamh ach amháin **taobh istigh de 4 bliana ó dheireadh na bliana féilire inar asbhaineadh an cháin.**

An chaoi lena ndéanfar aisíocaíochtaí:

Tá an áis againn íocaíochtaí a dhéanamh go leictreonach chuig cuntais bhainc. Má tá éileamh ar aisíocaíocht á dhéanamh agat i leith cáin Éireannach a gearradh ar na híocaíochtaí pinsin / blianachta i mblianta roimhe seo, luaigh na sonraí íocaíochta bainc, is é sin ainm an tsealbhóra cuntais, an uimhir IBAN agus an cód BIC.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas ar do chearta cosanta sonraí ar fáil ar www.revenue.ie.